40.	Douraied Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Hammam-Sousse DB: 8 Deireadh Fómhair 1978 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: 17 avenue de la République — Hammam-Sousse Uimhir Cárta Aitheantais: 05590835 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir cuideachta, mac le Hayet BEN ALI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
41.	Akrem Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Hammam-Sousse DB: 9 Lúnasa 1977 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: 17 avenue de la République —Hammam-Sousse Uimhir Cárta Aitheantais: 05590836 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir cuideachta, mac le Hayet BEN ALI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
42.	Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Monastir DB: 30 Lúnasa 1982 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: rue Ibn Maja — Khezama est — Sousse Uimhir Cárta Aitheantais: 08434380 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: baineann Faisnéis eile: iníon le Hayet BEN ALI, pósta le Badreddine BENNOUR	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
43.	Imed Ben Habib Ben Bouali LTAIEF	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Sousse DB: 13 Eanáir 1970 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: Résidence les Jardins, apt. 8C Block b — El Menzah 8 — l'Ariana Uimhir Cárta Aitheantais: 05514395 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: bainisteoir ranna le Tunisair, mac le Naïma BEN ALI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
44.	Naoufel Ben Habib Ben Bouali LTAIEF	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Hammam-Sousse DB: 22 Deireadh Fómhair 1967 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: 4 avenue Tahar SFAR — El Manar 2-Túinis, An Túinéis Uimhir Cárta Aitheantais: 05504161 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: comhairleoir speisialta ag an Roinn Iompair, mac le Naïma BEN ALI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
45.	Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Sousse DB: 3 Eanáir 1973 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: 13 Ennakhil housing estate — Kantaoui — Hammam-Sousse Uimhir Cárta Aitheantais: 05539378 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir bainistíochta, mac le Naïma BEN ALI, pósta le Lamia JEGHAM	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
46.	Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach, Francach ÁB: Páras, an Fhrainc DB: 27 Deireadh Fómhair 1966 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: Chouket El Arressa, Hammam-Sousse Uimhir Cárta Aitheantais: 05515496 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir cuideachta, mac le Paulette HAZAT	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí (Iar-Uachtarán Ben Ali) chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
47.	Slim Ben Tijani Ben Haj Hamda BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach, Francach ÁB: Le Petit Quevilly (76) DB: 6 Aibreán 1971 nó 16 Aibreán 1971 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: Chouket El Arressa, Hammam-Sousse, An Túinéis; Nó 14, esplanade des Guinandiers à Bailly Romainvilliers (77), an Fhrainc Uimhir Cárta Aitheantais: 00297112 Tír eisiúna: An Túinéis Uimhir Cárta Aitheantais: 111277501841. Tír eisiúna: An Fhrainc Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir bainistíochta, mac le Tijani BEN ALI, a rugadh an 9 Feabhra 1932, agus Paulette HAZET (nó HAZAT), a rugadh an 23 Feabhra 1936; pósta le Amel SAIED (nó SAID)	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
48.	Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach ÁB: Túinis, an Túinéis DB: 28 Lúnasa 1974 An seoladh is deireanaí atá ar eolas: 23 rue Ali Zlitni, El Manar 2-Túinis, An Túinéis Uimhir Cárta Aitheantais: 04622472 Tír eisiúna: An Túinéis Inscne: fireann Faisnéis eile: stiúrthóir díolachán, mac le Leila DEROUICHE	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú deiridh cúirte ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis caillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

B. Cearta chun cosanta agus ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na Túinéise:

Na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Leanann as Airteagail 20, 27, 29 agus 108 de bhunreacht na Túinéise, Airteagail 13, 47, 50, 59, 66, agus 175 den chód Nós Imeachta Choiriúil agus as Dlí Uimh. 2002-52 an 3 Meitheamh 2002 go rathaítear na cearta seo a leanas faoi dhlí na Túinéise:

— d'aon duine aonair a bhfuil drochamhras ann faoi chion coiriúil nó a chiontaítear i gcion coiriúil:

1. an ceart chun athbhreithniú breithiúnach a fháil ar aon ghníomh nó cinneadh riaracháin;
2. an ceart chun é/í féin a chosaint i bpearsan nó trí chabhair dhlíthiúil dá rogha féin nó, mura bhfuil sé/sí acmhainneach ar íoc as cabhair dhlíthiúil, sin a fháil in aisce nuair is gá sin ar mhaithe leis an gceartas;

— d'aon duine aonair a chiontaítear i gcion coiriúil:

1. an ceart go n-inseofar gan mhoill dó/di, i dteanga a thuigfidh sé/sí agus go mionchruinn, cineál agus cúis an chúisimh ina choinne nó ina coinne;
2. an ceart chun a leordhóthain ama agus saoráidí a bheith aige/aici chun a chosaint nó a cosaint a ullmhú;
3. an ceart chun finnéithe ina choinne nó ina coinne a cheistiú nó a chur á gceistiú agus finnéithe thar a cheann nó a ceann a thabhairt i láthair agus a cheistiú de réir na gcoinníollacha céanna a bhainfidh le finnéithe ina choinne nó ina coinne;
4. an ceart chun cabhair ateangaire a fháil in aisce mura féidir leis/léi an teanga a úsáidtear sa chúirt a thuiscint nó a labhairt.

Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

1. Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

   Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh.

   Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe ós rud é gur cheap an Chúirt dlíodóir chun leasanna Ben Ali a chosaint agus é ar a thriail *in absentia*.

2. Leila Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

   Tá an duine seo ag éalú agus níl sí i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe ós rud é gur cheap an Chúirt dlíodóir chun leasanna Trabelsi a chosaint agus í ar a triail *in absentia*.

3. Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

   Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 5 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

4. Mohamed Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI

   Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Mohamed Ben Moncef Ben Mohamed Trabelsi.

5. Fahd Mohamed Sakher Ben Moncef Ben Mohamed Hfaiez MATERI

   Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh.

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe ós rud é gur cheap an Chúirt dlíodóir chun leasanna Materi a chosaint agus é ar a triail *in absentia*.

6. Nesrine Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sí i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe ós rud é gur cheap an Chúirt dlíodóir chun leasanna Ben Ali a chosaint agus í ar a triail *in absentia*.

7. Halima Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sí i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Halima Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali.

8. Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Léirítear sin go háirithe le gealltanas i scríbhinn, arna thabhairt ag údaraís na Túinéise d'údaráis na hEilvéise i gcomhthéacs chur chun feidhme litreach rogáide, an 7 Aibreán 2014, cearta bunúsacha Belhassen Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI agus a chearta cosanta a urramú.

9. Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 13 Márta 2012 agus an 16 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

10. Jalila Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 5 Eanáir 2012, an 5 Iúil 2012 agus an 27 Feabhra 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Jalila Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dlíodóra.

11. Mohamed Imed Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 27 Deireadh Fómhair 2016, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Imed Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

12. Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma Trabelsi.

13. Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 23 Feabhra 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Mourad Ben Mohamed

Ben Rehouma Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

14. Samira Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Samira Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi.

15. Mohamed Montassar Ben Kbaier Ben Mohamed MEHERZI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 20 Lúnasa 2011, an 2 Deireadh Fómhair 2012 agus an 31 Bealtaine 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Montassar Ben Kbaier Ben Mohamed Maherzi i láthair a dhlíodóirí.

16. Nefissa Bent Mohamed Ben Rhouma TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 24 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Nefissa Bent Mohamed Ben Rhouma Trabelsi i láthair a dlíodóra.

17. Habib Ben Kaddour Ben Mustapha BEN ZAKIR

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 24 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Habib Ben Kaddour Ben Mustapha Ben Zakir i láthair a dhlíodóra.

18. Moez Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Moez Ben Moncef Ben Mohamed Trabelsi.

19. Lilia Bent Noureddine Ben Ahmed NACEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 20 Feabhra 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Lilia Bent Noureddine Ben Ahmed Nacef i láthair a dlíodóirí agus gur thug a dlíodóirí cabhair di in éisteacht os comhair na gcúirteanna agus gur úsáid sí a ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an rialaithe céadchéime.

20. Mourad Ben Hédi Ben Ali MEHDOUI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 13 Feabhra 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mourad Ben Hédi Ben Ali Mehdoui i láthair a dhlíodóra.

21. Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 2 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

22. Moez Ben Moncef Ben Mohamed TRABELSI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sí i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Bouthaina Bent Moncef Ben Mohamed Trabelsi.

23. Nabil Ben Abderrazek Ben Mohamed TRABELSI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 16 Feabhra 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Nabil Ben Abderrazek Ben Mohamed Trabelsi i láthair a dhlíodóra.

24. Mehdi Ben Ridha Ben Mohamed BEN GAIED

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha nó sa phróiseas aisghabhála sócmhainní ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 22 Meán Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mehdi Ben Ridha Ben Mohamed Ben Gaied i láthair a dhlíodóra.

25. Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah CHIBOUB

Tá an t-imscrúdú nó an triail le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha nó sa phróiseas aisghabhála sócmhainní ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é (i) gur thug, an 24 Samhain 2014, an 12 Eanáir 2015, an 10 Aibreán 2015 agus an 2 Nollaig 2015, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Mohamed Slim Ben Mohamed Hassen Ben Salah Chiboub i ndáil le roinnt cásanna i láthair a dhlíodóirí; (ii) gur cuireadh deireadh leis an imscrúdú i gcoinne an Uas Chiboub i gCás 27638/6 an 30 Márta 2018 de bharr easpa fianaise; agus gur dearbhaíodh an cinneadh sin deireadh a chur leis an imscrúdú san achomharc ina dhiaidh sin; agus (iii) go bhfuair an tUas Chiboub cúnamh dlíodóra le linn na n-imeachtaí eadrána os comhair choiste eadrána an 'Instance de la Vérité et de la Dignité' (IVD).

26. Dorsaf Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 4 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Dorsaf Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dlíodóra.

27. Sirine Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 6 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Sirine Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dlíodóra.

29. Ghazoua Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 5 Deireadh Fómhair 2011 agus 18 Deireadh Fómhair 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Ghazoua Bent Zine El Abidine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dlíodóra.

30. Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed ZARROUK

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Tar éis iarrata arna déanamh ag an Uas Zarrouk, thug Coiste Eadrána an 'Instance de la Vérité et de la Dignité' (IVD) cinneadh uaidh, arna dhearbhú ag Comhairle IVD an 24 Nollaig 2018. Rinneadh agóid i gcoinne an chinnidh sin os comhair na Cúirte Achomhairc. Tá an cás ar feitheamh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha nó sa phróiseas aisghabhála sócmhainní ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 16 Eanáir 2012, 1 Feabhra 2012 agus an 22 Meitheamh 2017, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Slim Ben Mohamed Salah Ben Ahmed Zarrouk i láthair a dhlíodóra.

31. Farid Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 3 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Farid Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dhlíodóra.

32. Faouzi Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Faouzi Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali.

33. Hayet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 19 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Hayet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dlíodóra.

34. Najet Bent Haj Hamda Ben Raj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 21 Samhain 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Najet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dlíodóra.

35. Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 13 Eanáir 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dhlíodóra.

36. Kaïs Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 21 Aibreán 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Kaïs Ben Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dhlíodóirí.

37. Hamda Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Hamda Ben Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dhlíodóra.

38. Najmeddine Ben Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 12 Samhain 2011 agus an 17 Bealtaine 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Najmeddine Ben Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Ali i láthair a dhlíodóra.

39. Najet Bent Slaheddine Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 3 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Najet Bent Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali i láthair a dlíodóra.

40. Douraied Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 21 Aibreán 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Douraied Ben Hamed Ben Taher Bouaouina i láthair a dhlíodóra.

41. Akrem Ben Hamed Ben Taher BOUAOUINA

Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Akrem Ben Hamed Ben Taher Bouaouina.

42. Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA

Tá an t-imscrúdú maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí nó an triail fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 19 Deireadh Fómhair 2011 agus an 25 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Ghazoua Bent Hamed Ben Taher Bouaouina i láthair a dlíodóra.

43. Imed Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 5 Meitheamh 2013, an breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Imed Ben Habib Ben Bouali Ltaief i láthair a dhlíodóirí.

44. Naoufel Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, an 19 Deireadh Fómhair 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Naoufel Ben Habib Ben Bouali Ltaief i láthair a dhlíodóirí.

45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, in 2011, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Montassar Ben Habib Ben Bouali Ltaief i láthair a dhlíodóirí.

46. Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI

Tá an duine seo ag éalú agus níl sé i láthair sa Túinéis a thuilleadh. Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen Ben Ali.

47. Slim Ben Tijani Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Níl aon léiriú aimsithe ag an gComhairle nár urramaíodh cearta chun cosanta nó ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil Slim Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Ali.

48. Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI

Tá an t-imscrúdú nó an triail maidir le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ag dul ar aghaidh. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir an méid sin go háirithe ós rud é gur thug, an 22 Márta 2012, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Sofiene Ben Ali i láthair a dhlíodóirí.".